Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2021
(OR. en)

10041/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0210 (COD)**

**PECHE 213**
**CADREFIN 307**
**CODEC 938**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Meitheamh 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 311 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 311 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 311 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.6.2021
COM(2021) 311 final

2018/0210 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe**

2018/0210 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe**

## 1. CÚLRA

An dáta a sheol an Coimisiún an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: 12 Meitheamh 2018

(doiciméad COM(2018) 390 final – 2018/0210 (COD))

Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: 12 Nollaig 2018

Dáta na tuairime ó Choiste na Réigiún: 9 Deireadh Fómhair 2018

Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: 4 Aibreán 2019

An dáta a seoladh an togra leasaithe: Ní bhaineann le hábhar

Dáta an tseasaimh ón gComhairle, an chéad léamh: 14 Meitheamh 2021

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Tá an togra seo mar chuid den phacáiste maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) le haghaidh na tréimhse tar éis 2020, pacáiste a mhol an Coimisiún i mí na Bealtaine 2018. Is é is aidhm dó tacú le gnóthú chuspóirí an chomhbheartais iascaigh, le gnóthú chuspóirí bheartas muirí an Aontais agus le gnóthú chuspóirí bheartas an Aontais a bhaineann le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan. Mhol an Coimisiún buiséad EUR 6,14 billiún.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Leis an seasamh ón gComhairle mar a glacadh é ar an gcéad léamh, léirítear go hiomlán an comhaontú polaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air an 4 Nollaig 2020.

Measann an Coimisiún go bhfuil an comhaontú polaitiúil, ar an iomlán, i gcomhréir leis an gcuspóir chun an breisluach Eorpach a uasmhéadú agus i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, leis an aistriú digiteach agus leis an athléimneacht.

Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur comhaontú cothrom ar an iomlán é an comhaontú polaitiúil agus go bhfuil na coimircí is gá ann chun cosc a chur ar thabhairt isteach fóirdheontas iascaigh a mheastar a bheith díobhálach ó thaobh na hinbhuanaitheachta de. Creideann an Coimisiún go bhfuil an comhaontú polaitiúil i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:

– bunphrionsabail an iascaigh inbhuanaithe faoin gcomhbheartas iascaigh;

– gealltanas an Aontais faoi Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 14.6 de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le deireadh a chur le fóirdheontais iascaigh, ar fóirdheontais iad a chuireann leis an róthoilleadh agus leis an ró-iascaireacht; agus

– an seasamh ón Aontas sa phlé atá ar siúl faoi láthair i dtaobh fóirdheontais iascaigh ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

Dá bhrí sin, tacaíonn an Coimisiún leis an gcomhaontú polaitiúil.

<u>Is iad seo a leanas príomhphointí an chomhaontaithe sin:</u>

- *Ainm an chiste a athrú go 'Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe' (CEMID).*

  Measann an Coimisiún gur léiriú ar raon feidhme an chiste é an teideal nua sin.

- *Dáileadh acmhainní airgeadais*

  – Laghdú EUR 32 milliún ar an leithdháileadh a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, mar thoradh ar an laghdú EUR 32 milliún ar bhuiséad foriomlán CEMID faoi CAI.

    Measann an Coimisiún nach lúide an tacaíocht faoi bhainistíocht dhíreach an laghdú an-teoranta sin, go háirithe maidir le tacaíocht don bheartas muirí agus don chlár oibre um rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan. An tráth céanna, caomhnaítear leis an laghdú sin leithdháiltí suntasacha do na Ballstáit faoi bhainistíocht chomhroinnte chun dul i ngleic le riachtanais a n-earnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe, agus chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí aeráide agus comhshaoil.

  – An uasteorainn le haghaidh chúnamh teicniúil an Choimisiúin a laghdú ó 1.7 % go 1.5 % den bhuiséad foriomlán.

    Measann an Coimisiún nach ndéanfar dochar do na príomhchúraimí a dtugtar cúnamh teicniúil dóibh leis an laghdú sin, fiú amháin más rud é go laghdófar cumas an Choimisiúin cúnamh a thabhairt do na Ballstáit sa phróiseas clársceidealaithe.

  – Uasteorainn 15 % le haghaidh gach leithdháilte náisiúnta chun cúig bheart cabhlaigh a chur i bhfeidhm (i.e. méadú ar an olltonnáiste, athsholáthar innill, iascaire óg an chéad soitheach athláimhe a fháil, scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta, agus scor sealadach de ghníomhaíochtaí iascaireachta).

Sa togra ón gCoimisiún, leagadh síos uasteorainn 10 % ach níor bhain sin ach le scor buan agus scor sealadach amháin. Mar sin féin, toisc gur athraíodh cineál na mbeart eile, d'iarr an Coimisiún go gcuirfí na bearta sin faoi raon feidhme na huasteorann. Infheistíochtaí aonair nó cúiteamh atá i gceist leis na cúig bheart sin, agus dá bhrí sin, níl breisluach ard ag baint leo. Cé gurbh fhearr leis an gCoimisiún uasteorainn 10 % a chur i bhfeidhm maidir le gach ceann de na cúig bheart cabhlaigh chun breisluach uasta chistí an Aontais a áirithiú, measann sé go n-áirithítear fós leis an uasteorainn 15 % sin nach ndéanfaidh tacaíocht do bhearta cabhlaigh dochar do phríomhthosaíochtaí CEMID (e.g. an iascaireacht inbhuanaithe, rialú iascaigh, bailiú na sonraí eolaíocha chun tacú le bainistiú iascaigh, an nuálaíocht, comheagrú na hearnála, nó an fhorbairt áitiúil). Leis an uasteorainn sin freisin, cuirtear cosc ar thairiscint shaorga fóirdheontas a chruthú, ar fóirdheontais iad a ghinfeadh a n-éileamh féin agus a dhéanfadh an margadh a shaobhadh dá bharr.

– An uasteorainn le haghaidh cúiteamh as costais bhreise sna réigiúin is forimeallaí a mhéadú ó 50 % go 60 % de na leithdháiltí imfhálaithe le haghaidh na réigiún sin, agus go bhféadfar méadú breise 10 bpointe céatadáin a chur leis an uasteorainn má thugann na Ballstáit údar cuí leis ina gclár.

  Measann an Coimisiún go gcaomhnaítear leis an méadú sin sciar réasúnta le haghaidh infheistíochtaí struchtúracha. Fiosróidh an Coimisiún go cúramach an bhfuil údar cuí le haon iarraidh ó na Ballstáit maidir leis na 10 bpointe céatadáin breise a úsáid.

- *Struchtúr foriomlán an chiste a ailíniú le loighic na gcistí eile a chumhdaítear le Rialachán na bhForálacha Coiteanna (go háirithe, 'cuspóir sonrach' a chur in ionad 'réimsí tacaíochta').*

  Ní dhéanann an t-ailíniú sin difear d'ábhar an chiste. Measann an Coimisiún gur simpliú suntasach é an struchtúr nua sin, lena gcuirtear teorainn leis an líon maoluithe a cheadaítear i gcás CEMID i Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus lena n-éascófar clársceidealú na mBallstát.

- *Beart nua a chruthú chun méid (méid atá cainníochtaithe ina 'olltonnáiste') na soithí iascaireachta a mhéadú d'fhonn sábháilteacht, dálaí oibre nó éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.*

  Agus é á thabhairt dá aire nach raibh an beart sin sa togra ón gCoimisiún agus go gceadaítear leis acmhainneacht iascaireachta ainmniúil an tsoithigh a mhéadú, measann an Coimisiún go bhfuil coimircí leordhóthanacha ann chun cosc a chur ar an soitheach a chumas iasc a ghabháil a mhéadú.

  – Ní féidir a mhéadú ach paraiméadar 'olltonnáiste' na hacmhainneachta iascaireachta, seachas an paraiméadar cumhachta.

  – Níl an méadú ar olltonnáiste incháilithe ach amháin i ranna cabhlaigh nach bhfuil aon ró-acmhainneacht iontu. Ní mór an méadú sin a chúiteamh tríd an leibhéal céanna olltonnáiste, ar a laghad, sa roinn cabhlaigh chéanna nó i roinn den chabhlach náisiúnta atá faoi réir róthoilleadh a tharraingt siar roimh ré, agus dá bhrí sin, ní mhéadófar toilleadh foriomlán an chabhlaigh. Is coinníoll níos déine é sin i gcomparáid le 'córas isteach-amach' ginearálta an Aontais, coinníoll lena bhforáiltear go simplí nach mór teacht isteach na hacmhainneachta iascaireachta a chúiteamh le himeacht comhfhreagrach ó aon roinn cabhlaigh.

– Ní mór údar a bheith leis an méadú ar olltonnáiste trí fheabhas a theacht ar an tsábháilteacht, ar dhálaí oibre nó ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Dá bhrí sin, tá liosta uileghabhálach d'oibríochtaí incháilithe san airteagal, arb oibríochtaí iad a nascann an méadú ar olltonnáiste le suiteáil saoráide nó trealaimh ina dhiaidh sin, ar saoráid nó trealamh é a fheabhsaíonn sábháilteacht, dálaí oibre nó an éifeachtúlacht fuinnimh, lena áirithiú nach dtabharfar tacaíocht d'aon oibríocht dhíobhálach.

– Níl incháilithe ach soithí ar lú ná 24m ar fad iad agus atá 10 mbliana d'aois ar a laghad, ionas go ndírítear ar na soithí is mó atá i ngátar.

Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach fóirdheontas díobhálach é an beart sin, toisc nach gcuireann sé leis an ró-iascaireacht ná leis an róthoilleadh.

- *Coinníollacha áirithe tacaíochta a mhodhnú maidir le hinnill soithí iascaireachta a athsholáthar (i.e. an incháilitheacht a leathnú chun soithí ar mó ná 12m agus ar lú ná 24m ar fad iad a chur san áireamh; ceanglas nua maidir le hastaíochtaí CO2 a laghdú 20 % le haghaidh soithí atá idir 12m agus 24m ar fad).*

  Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go gcuirtear cosc ar éifeachtaí díobhálacha féideartha leis na trí choinníoll seo a leanas:

  – níl tacaíocht ar fáil ach amháin do ranna cabhlaigh nach bhfuil aon róthoilleadh iontu;

  – níor cheart níos mó cumhachta a bheith san inneall nua ná mar a bhí san inneall a athsholáthraíodh;

  – ní mór cigireacht fhisiceach a dhéanamh ar an inneall nua lena áirithiú gurb ionann cumhacht iarbhír an innill nua agus an chumhacht a dearbhaíodh.

  Leathnú na tacaíochta chun soithí atá suas go dtí 24m ar fad a áireamh, is leathnú é a tugadh anonn ó raon feidhme na tréimhse 2014-2020. Creideann an Coimisiún go gcuideoidh an ceanglas nua maidir le hastaíochtaí CO2 a laghdú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach i dtreo na haeráidneodrachta. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gnéithe áirithe den mhodheolaíocht a shonrú, ar modheolaíocht í lena dtomhaistear an laghdú sin, agus cinnteoidh sé nach gcuirfidh an mhodheolaíocht sin ualach ar na Ballstáit ná ar na tairbhithe.

- *Coinníollacha tacaíochta áirithe a mhodhnú, ar tacaíocht í a thugtar d'iascaire óg chun an chéad soitheach athláimhe a fháil (i.e. an incháilitheacht a leathnú chun soithí ar mó ná 12m agus ar lú ná 24m ar fad iad a chur san áireamh; incháilitheacht fháil pháirteach an tsoithigh, ar soitheach é ina bhfuil 33 % ar a laghad de scaireanna an tsoithigh ag an iascaire óg).*

  Meabhraíonn an Coimisiún gur scéim nuathionscanta í an tacaíocht sin le haghaidh iascairí óga arb é is aidhm di dlús a chur leis an athnuachan ó ghlúin go glúin. Ní hionann sin agus athnuachan cabhlaigh toisc nach ndeonaítear tacaíocht ach amháin d'iascaire <u>óg</u> an <u>chéad</u> soitheach <u>athláimhe</u> a fháil (i.e. iascaire is óige ná 40 bliain d'aois).

  Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go gcuirtear cosc ar éifeachtaí díobhálacha féideartha leis an dá choinníoll seo a leanas:

  – níl tacaíocht ar fáil ach amháin do ranna cabhlaigh nach bhfuil aon róthoilleadh iontu;

– ní mór soitheach athláimhe a bheith i gceist (i.e. soitheach a cláraíodh ar feadh 3 bliana ar a laghad i gcás soithí ar mhionscála agus ar feadh 5 bliana ar a laghad i gcás soithí eile).

Leathnú na tacaíochta chun soithí atá suas go dtí 24m ar fad a áireamh, is leathnú é a tugadh anonn ó raon feidhme na tréimhse 2014-2020.

Creideann an Coimisiún freisin go n-éascófar athnuachan idirthréimhseach ó ghlúin go glúin, mar shampla laistigh de ghnólacht teaghlaigh, leis an bhféidearthacht nua atá ann tacaíocht a thabhairt chun soitheach a fháil go páirteach. Leis an gcoinníoll maidir le sciar íosta úinéireachta 33 %, áiritheofar gurb amhlaidh a bheidh baint ag an iascaire óg le hoibriú an tsoithigh, rud a fhágann gur lú is dócha go mbainfear aon mhí-úsáid as an soitheach, e.g. 'úinéireacht i bhfoirm pháipéir amháin'.

- *Deireadh a chur leis an sásra cur chun feidhme sainordaitheach torthaí-bhunaithe atá beartaithe le haghaidh scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta ('maoiniú nach bhfuil nasctha le costais'). Dá bhrí sin, is faoi na Ballstáit a bheidh sé aon cheann de na sásraí cur chun feidhme dá bhforáiltear i Rialachán na bhForálacha Coiteanna a roghnú.*

Cé gur oth leis an gCoimisiún gur baineadh an sásra sainordaitheach torthaí-bhunaithe, creideann sé go gcuidíonn an scor buan deireadh a chur leis an róthoilleadh ar na cúiseanna seo a leanas:

– ní mór é a bheith sna pleananna gníomhaíochta nach mór do na Ballstáit a ullmhú, de bhun an chomhbheartais iascaigh, chun acmhainneacht iascaireachta an chabhlaigh a ailíniú leis na hacmhainní atá ar fáil sna ranna cabhlaigh atá faoi réir róthoilleadh;

– ní féidir an acmhainneacht iascaireachta ar cuireadh deireadh léi a ionadú;

– ní féidir leis an tairbhí soitheach nua a chlárú laistigh de 5 bliana tar éis dó an íocaíocht chabhrach a fháil.

Measann an Coimisiún nach fóirdheontas díobhálach é an beart sin, toisc go laghdóidh sé go buan toilleadh foriomlán an chabhlaigh agus, dá bhrí sin, laghdófar an brú iascaireachta ar acmhainní bitheolaíocha na mara.

- *'Scor urghnách de ghníomhaíochtaí iascaireachta' (i.e. scéim cúitimh chun an tionchar socheacnamaíoch a bhaineann le cosc iascach suntasach gan choinne a mhaolú) a chlaochlú ina 'scor sealadach de ghníomhaíochtaí iascaireachta' (i.e. scéim cúitimh chun tacú le bearta caomhnaithe agus le laghduithe sealadacha san iarracht iascaireachta a chur chun feidhme, ar bhonn comhairle eolaíoch). Síneadh a chur le huastréimhse an chúitimh ó 6 mhí go 12 mhí in aghaidh an tsoithigh le linn na clárthréimhse.*

Tugann an Coimisiún dá aire gur déine an scéim sin ná an scéim a bhí ann le linn na tréimhse 2014-2020 toisc nach mór na nithe seo a leanas a bheith i gceist le haon chúiteamh a sholáthraítear le haghaidh beart caomhnaithe, i) go gcosnaítear é le comhairle eolaíoch agus ii) go gcuidíonn sé an iarracht iascaireachta a laghdú. Fiú amháin má chuirtear síneadh le huastréimhse na scéime cúitimh ó 6 mhí go 12 mhí, áirithítear leis na coinníollacha sin go gcuirfidh an scor sealadach le bearta caomhnaithe.

Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire gur déine an scéim sin ná an scéim a bhí ann le linn na tréimhse 2014-2020 a mhéid a bhaineann le comhaontuithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe (SFPAnna). Go deimhin, ní féidir

neamh-athnuachan SFPA a chúiteamh a thuilleadh ach amháin i gcás ina mbrisfear cur i bhfeidhm an chomhaontaithe ar chúiseanna *force majeure*.

- *Infhaighteacht deontas díreach le haghaidh infheistíochtaí táirgiúla sa dobharshaothrú agus le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide san earnáil próiseála.*

  Is oth leis an gCoimisiún nár coinníodh sa chomhaontú polaitiúil an togra le haghaidh ionstraimí airgeadais sainordaitheacha (e.g. iasachtaí poiblí nó ráthaíochtaí poiblí) maidir le hinfheistíochtaí táirgiúla sa dobharshaothrú agus le hinfheistíochtaí san earnáil próiseála, agus dá bhrí sin, go dtugtar rialacha na tréimhse 2014-2020 anonn (i.e. ionstraimí airgeadais nach bhfuil sainordaitheach ach amháin maidir le cuideachtaí móra san earnáil próiseála). Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar phoitéinseal na n-ionstraimí airgeadais, ó thaobh simplithe agus giaráil infheistíochta de.

- *Scéim cúitimh a chruthú chun freagairt do ghéarchéimeanna eisceachtúla arb iad is cúis le míshocracht sa mhargadh. Ní féidir incháilitheacht na scéimeanna cúitimh sin a spreagadh ach amháin le cinneadh ón gCoimisiún ina leagtar amach an staid maidir le míshocracht sa mhargadh.*

  Is díol sásaimh don Choimisiún an scéim géarchéime sin chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí phaindéim COVID-19 agus ar ghéarchéimeanna eile a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil raon feidhme na scéime sin bunaithe ar na bearta in aghaidh COVID-19, bearta a chuaigh in éag ag deireadh 2020:

  – cúiteamh le haghaidh caillteanais eacnamaíocha d'iascairí aonair, d'fheirmeoirí dobharshaothraithe agus do ghnólachtaí san earnáil próiseála;

  – cúiteamh le haghaidh eagraíochtaí táirgeoirí ionas gur féidir leo sásra stórála Chomheagrú na Margaí a bhainistiú (i.e. táirgí a stóráil le chéile ar bhonn sealadach d'fhonn teorainn a chur leis an soláthar chun praghsanna a mhéadú d'aon turas).

  Go háirithe, measann an Coimisiún nár cheart an scéim sin a chur i ngníomh ach amháin i gcás 'imeachtaí eisceachtúla a mbeadh suaitheadh suntasach sna margaí mar thoradh orthu', agus le cinneadh ón gCoimisiún, ar na trí chúis seo a leanas:

  (1) í a theorannú do ghéarchéimeanna tromchúiseacha;

  (2) a áirithiú gur féidir cúiteamh a sholáthar go tapa (go deimhin, bheadh roinnt seachtainí, nó míonna fiú, i gceist i gcás gníomh tarmligthe nó gníomh cur chun feidhme sa nós imeachta coiste);

  (3) cothrom iomaíochta a áirithiú ó Bhallstát go chéile.

- *Caomhnú an phrionsabail nach bhfuil infheistíochtaí ar bord incháilithe ach amháin má théann siad thar cheanglais dhlíthiúla an Aontais. Mar sin féin, infheistíochtaí a chomhlíonann ceanglais dhlíthiúla náisiúnta éiríonn siad incháilithe, lena n-áirítear infheistíochtaí ar bord is gá chun ceanglais a chomhlíonadh, ceanglais a fhorchuirtear ag an mBallstát chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha roghnacha faoi Threoir (AE) 2017/159 maidir le dálaí oibre ar bord.*

  Measann an Coimisiún nach mór don tacaíocht phoiblí iompraíocht a spreagadh a bhfuil níos mó i gceist léi ná an dlí a chomhlíonadh, agus dá bhrí sin, ní mór d'infheistíochtaí ar bord (e.g. le haghaidh trealamh iascaireachta nó sábháilteachta)

breisluach a ghiniúint. Mar sin féin, infheistíochtaí a chomhlíonann na ceanglais náisiúnta féadfaidh siad a bheith incháilithe chun na Ballstáit a spreagadh le bheith níos uaillmhianaí ná dlí an Aontais. Chomh maith leis sin, is díol sásaimh don Choimisiún an maolú sonrach ar an riail sin maidir le hinfheistíochtaí ar bord a bhaineann le rialú agus faireachán (féach an chéad phointe eile).

- *Incháilitheacht na soithí iascaireachta uile i leith tacaíocht a fháil le haghaidh córais leictreonacha tuairiscithe shainordaitheacha (soithí ar mhionscála amháin sa togra ón gCoimisiún).*

  Creideann an Coimisiún gur rud ríthábhachtach é na huirlisí rialaithe atá ann cheana a nuachóiriú agus teicneolaíochtaí faireacháin nua a úsáid chun cultúr comhlíontachta a chothú san earnáil. Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Choimisiún incháilitheacht na n-infheistíochtaí sin cé nach dtéann siad thar cheanglais dhlíthiúla.

- *Incháilitheacht déantúis áiteanna calaíochta nua (ach ní déantús calafort nua).*

  Measann an Coimisiún nach bhfuil aon údar eacnamaíoch ann go mbeadh déantús calafort nua incháilithe le haghaidh tacaíochta, beart atá róchostasach chun ciste chomh beag leis sin a chumhdach freisin. Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil nuachóiriú na gcalafort atá ann cheana incháilithe, fiú agus ráta níos airde cabhrach poiblí a bheith ann le haghaidh infheistíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír. Mar sin féin, measann an Coimisiún nach ionann áiteanna calaíochta agus calafoirt ós rud é go n-úsáidtear go príomha iad chun soithí iascaireachta cósta ar mhionscála a thabhairt i dtír. Dá bhrí sin, aithníonn an Coimisiún gur féidir údar a bheith le tacaíocht a thabhairt d’áiteanna calaíochta nua.

- *Uasráta aonair cómhaoinithe 70 %, in ionad ráta sonrach le haghaidh gach cuspóra shonraigh. Is é an t-aon eisceacht atá ann gur ráta 100 % atá i gceist chun costais bhreise a chúiteamh le haghaidh na réigiún is forimeallaí, mar a shonraítear sa togra tosaigh.*

  Is díol sásaimh don Choimisiún an t-uasráta aonair sin agus tugann sé dá aire, seachas i gcás scor buan agus scor sealadach de ghníomhaíochtaí iascaireachta (ráta 50 % sa togra), gur laghdaíodh an ráta sin i gcomparáid leis an togra tosaigh (i.e. ráta idir 75 % agus 100 % le haghaidh na gcuspóirí sonracha eile uile). Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Choimisiún an laghdú foriomlán sin ar sciar an Aontais, laghdú as a dtiocfaidh cómhaoiniú is cothroime idir an tAontas agus na Ballstáit.

- *An t-uasmhéid cabhrach poiblí a mhéadú ó 30 % go 40 % le haghaidh bearta cabhlaigh áirithe (i.e. méadú ar olltonnáiste, athsholáthar innill, iascaire óg an chéad soitheach athláimhe a fháil). Rátaí cabhrach eile a mhéadú go 100 % le haghaidh cásanna eile, e.g. cásanna a bhaineann leis an nuálaíocht, le tairbhí comhchoiteanna agus le tairbhithe comhchoiteanna.*

  Measann an Coimisiún gur cheart ráta na cabhrach poiblí a bheith bunaithe ar an gcineál oibríochta nó ar an gcineál tairbhí. Rátaí arda atá os cionn an ráta chaighdeánaigh 50 % ba cheart cliseadh margaidh, breisluach ard nó tairbhe chomhchoiteann a bheith mar údar leo. Creideann an Coimisiún go bhfreagraíonn na coinníollacha atá sa chomhaontú polaitiúil an t-ábhar imní sin, go háirithe an ráta 100 % le haghaidh soithí iascaireachta cósta ar mhionscála – is é sin príomhchuid na córa fabhraí le haghaidh soithí iascaireachta ar mhionscála – agus an fhéidearthacht ráta 100 % a bheith ann má bhíonn leas comhchoiteann, tairbhí comhchoiteann agus gnéithe nuálacha i gceist leis an oibríocht. Is díol sásaimh don Choimisiún freisin an ráta is ísle (40 %) le haghaidh bearta cabhlaigh aonair áirithe toisc gur infheistíochtaí

aonair iad a bhfuil breisluach teoranta acu. I ndáil leis sin, ba cheart don tacaíocht phoiblí infheistíocht phríobháideach a ghiaráil agus níor cheart di an bonn a bhaint den infheistíocht sin.

- *Deireadh a chur leis an bplean gníomhaíochta maidir le hiascaireacht chósta ar mhionscála mar dhoiciméad neamhspleách ach cuspóirí an phlean sin a ionchorprú sna ceanglais chlársceidealaithe*.

  Creideann an Coimisiún go gurb ionann tionchar don réiteach sin agus tionchar an phlean gníomhaíochta atá beartaithe. Go deimhin, beidh ar na Ballstáit riachtanais shonracha na soithí ar mhionscála a chur san áireamh san anailís ar a gcuid láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí (SWOT) agus cur síos á dhéanamh acu ar na cineálacha gníomhaíochtaí atá beartaithe le haghaidh gach cuspóra shonraigh. Áiritheofar leis sin go láimhseálfar ar bhealach éagsúil soithí ar mhionscála i gcás inarb ábhartha.

- *Ceanglas ar na Ballstáit dúshláin réigiúnacha a chur san áireamh ina gclár náisiúnta.*

  Measann an Coimisiún gur comhréiteach réasúnta é an ceanglas nua sin a thug na comhreachtóirí isteach chun dúshláin gheografacha shonracha a chur san áireamh agus cláir náisiúnta á n-ullmhú, gan ualach riaracháin a chruthú. Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir gur cheart do na Ballstáit tagairt a dhéanamh do na 'Anailísí ar Imchuacha Farraige'[1], ina léirítear na príomhdhúshláin ar leibhéal imchuach farraige agus ina moltar réitigh fhéideartha.

- *Gníomhartha cur chun feidhme (in ionad gníomhartha tarmligthe sa togra) lena sainítear cásanna nach gcomhlíonann an comhbheartas iascaigh.*

  Measann an Coimisiún nach ndéanann an t-athrú sin ar an nós imeachta difear d'ábhar na ngníomhartha sin.

- *Níor ghlac na comhreachtóirí leis go bhféadfaí sprioc aeráide 30 % agus sprioc shonrach caiteachais bithéagsúlachta a leagan amach in airteagal, de réir mar a d'iarr an Coimisiún, mar obair leantach ar an gcomhaontú maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil.*

  Fiú mura bhfuil aon sprioc cheangailteach ó thaobh na haeráide agus an chaiteachais bithéagsúlachta de sa mhéid sin, tugann an Coimisiún dá aire nach mór do CEMID cur le cuspóirí aeráide an Aontais i gcomhthéacs na sprice foriomláine 30 % le haghaidh caiteachas aeráide agus le cuspóirí bithéagsúlachta i gcomhthéacs na sprice 7.5 %-10 %, sprioc a leagtar síos in CAI. Oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit i gcomhthéacs an bhirt clársceidealaithe le haghaidh CEMID 2021-2027 chun an dá sprioc sin a bhaint amach.

## 4. CONCLÚID

Tacaíonn an Coimisiún le torthaí na caibidlíochta idirinstitiúidí agus is féidir leis, dá bhrí sin, glacadh leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh.

---

[1] SWD(2020)206 final

## 5. DEARBHUITHE ÓN gCOIMISIÚN

Tá trí dhearbhú aontaobhacha agus dhá dhearbhú chomhpháirteacha déanta ag an gCoimisiún ar féidir teacht orthu san fhoscríbhinn.

FOSCRÍBHINN

**Dearbhuithe ón gCoimisiún**

**Ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir leis an gcuspóir caiteachais bithéagsúlachta**

*'Aithníonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach an gá atá le gníomhaíocht maidir le cosaint agus caomhnú na n-éiceachóras muirí agus cósta agus cosaint agus caomhnú na bithéagsúlachta muirí agus cósta a chur chun cinn mar ábhar práinne. Comhaontaíonn na trí institiúid go mbeidh gá le hinfheistíocht shuntasach phoiblí agus phríobháideach ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach chun cailliúint na bithéagsúlachta a chomhrac, éiceachórais a chosaint agus a athbhunú agus/nó dea-bhail a choinneáil orthu, agus gur cheart méid suntasach de chaiteachas CEMID a infheistiú sa bhithéagsúlacht. Comhaontaíonn na trí institiúid go n-oibreoidh an Coimisiún Eorpach leis na Ballstáit, i gcomhthéacs an bhirt clársceidealaithe le haghaidh CEMID 2021-2027, chun an aidhm fhoriomlán maidir leis an gcaiteachas bithéagsúlachta a léirítear in aithris 15 a bhaint amach.'*

**Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach maidir le faireachán a dhéanamh ar an gcuspóir maidir leis an gcaiteachas bithéagsúlachta**

*'Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhthéacs an bhirt clársceidealaithe le haghaidh CEMID 2021-2027, na Ballstáit a spreagadh go gníomhach chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na bearta a áirítear ina gcláir, go háirithe faoi Airteagal 25 (cosaint na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras), chun an aidhm fhoriomlán a bhaint amach maidir le cailliúint na bithéagsúlachta a chomhrac, le héiceachórais a chosaint agus a athbhunú agus le dea-bhail na n-éiceachóras a choinneáil ar bun trí chaiteachas bliantúil a chur ar fáil faoi CAI mar a leanas: 7.5 % de chaiteachas bliantúil faoi CAI le haghaidh cuspóirí bithéagsúlachta in 2024, agus 10 % de chaiteachas bliantúil faoi CAI le haghaidh cuspóirí bithéagsúlachta in 2026 agus 2027.*

*Déanfaidh an Coimisiún faireachán rialta ar leibhéal an chaiteachais sin ar bhonn an chaiteachais incháilithe iomláin a dhearbhóidh na tairbhithe don údarás bainistíochta agus ar bhonn na sonraí a chuirfidh an Ballstát isteach. I gcás ina léiríonn an faireachán a dhéanfar nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta chun an aidhm fhoriomlán a bhaint amach, rachaidh an Coimisiún i dteagmháil go gníomhach leis na Ballstáit ag an gcruinniú athbhreithnithe bliantúil chun bearta feabhais a ghlacadh, lena n-áirítear leasú ar chlár.'*

**Ráiteas ón gCoimisiún agus ón gComhairle maidir lena ngealltanas chun iarracht a dhéanamh briseadh i ngníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint faoi Chomhaontuithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe**

*'Tá an Chomhairle agus an Coimisiún fós tiomanta dá ngealltanas chun iarracht a dhéanamh briseadh i ngníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint faoi Chomhaontuithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe trí fhéachaint le Comhaontuithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe agus Prótacail chur chun feidhme na gComhaontuithe sin a athnuachan go tráthúil.'*

**<u>Ráiteas ón gCoimisiún maidir le Státchabhair chun na cabhlaigh sna réigiúin is forimeallaí a athnuachan</u>**

*'Tugann an Coimisiún dá aire na deacrachtaí a bhí ann go dtí seo maidir le státchabhair a dheonú chun na cabhlaigh sna réigiúin is forimeallaí a athnuachan. D'fhonn na réigiúin sin a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe, féachfaidh an Coimisiún le cúnamh a thabhairt do na Ballstáit feabhas a chur ar bhailiú na sonraí eolaíocha is gá chun an incháilitheacht a leagtar amach sna treoirlínte maidir le Státchabhair a chomhlíonadh d'fhonn cur i bhfeidhm na dtreoirlínte a éascú, ar treoirlínte iad a bhaineann le scrúdú a dhéanamh ar Státchabhair san earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe sna Réigiúin is Forimeallaí.'*

**<u>Ráiteas ón gCoimisiún maidir le nuachóiriú na n-uirlisí rialaithe atá ann cheana agus maidir le húsáid teicneolaíochtaí faireacháin nua</u>**

*'Ghlac an Coimisiún le hincháilitheacht na n-infheistíochtaí ar bord a bhaineann le rialú agus forfheidhmiú iascaigh, bídís sainordaitheach nó bídís, agus sin le haghaidh shoithí iascaireachta uile an Aontais. Measann an Coimisiún go gcuirfidh na hinfheistíochtaí sin ar a gcumas do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na hacmhainní airgeadais atá ar fáil in CEMID le haghaidh rialú agus forfheidhmiú, chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán um Rialú agus faoi rialacha eile de chuid an Chomhbheartais Iascaigh a chomhlíonadh agus chun feabhas suntasach a chur ar an gcultúr comhlíontachta in earnáil na hiascaireachta.*

*Thairis sin, tá an Coimisiún ag súil – i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá ar siúl faoi láthair ar an Rialachán um Rialú – go dtacóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le nuachóiriú na n-uirlisí rialaithe atá ann cheana agus le húsáid teicneolaíochtaí nua mar a mhol an Coimisiún. Go háirithe, fágann sin gur gá réitigh chliste a thabhairt isteach chun soithí ar mhionscála a rianú agus tuairisciú gabhálacha a dhéanamh orthu, córais a shuiteáil chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar chumhacht innill, aistriú i dtreo córais inrianaitheachta lándigiteacha lena gcumhdaítear gach cineál táirge iascaigh (táirgí úra, reoite agus próiseáilte), agus córais chianfhaireacháin leictreonacha shainordaitheacha a thabhairt isteach ar bord soithí iascaireachta agus iad bunaithe ar mheasúnú riosca, toisc gurb iad na córais sin an t-aon bhealach éifeachtach atá ann chun rialú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír agus ar fhoghabháil agus aischur speiceas íogair.'*